# Cáipéis Chomhairliúcháin: Beartas um Iolrachas na Meán

Dáta foilsithe: 1 Meán Fómhair 2025
Spriocdháta le haghaidh freagartha: 24 Deireadh Fómhair 2025

Sa doiciméad seo tá comhairliúchán poiblí ar an dréacht-**Bheartas um Iolrachas na Meán** ó Choimisiún na Meán.

Tá sé i gceist leis an mBeartas soiléireacht a thabhairt do gach páirtí leasmhar maidir le tuiscint Choimisiún na Meán ar iolrachas na meán, agus conas a threoróidh iolrachas na meán gníomhaíochtaí na heagraíochta.

Ciallaíonn iolrachas na meán **éagsúlacht** in **úinéireacht** na meán, i **seirbhísí** meán, in **ábhar** na meán, agus i **nochtadh** do na meáin.

Fáiltíonn Coimisiún na Meán roimh thuairimí aon duine nó eagraíochta a bhfuil suim acu i dtaobh ábhar an **dréacht-Bheartais um Iolrachas na Meán**.

Is féidir leat do thuairimí a chur isteach go ginearálta, nó freagra a thabhairt ar na ceisteanna sonracha i roinn 3.2. den doiciméad seo.

Is féidir leat teacht ar eolas faoin gcaoi a n-úsáidimid do shonraí pearsanta i roinn 3.5 den doiciméad seo.

Is féidir leat freagra a thabhairt ar an gcomhairliúchán:

- ar **ríomhphost**, chuig **consultation@cnam.ie**;
- tríd an **bpost**, chuig:
  Coimisiún na Meán
  1 Foirgnimh Shíol Bhroin,
  Bóthar Shíol Bhroin
  Baile Átha Cliath 4, D04 NP20, Éire

B’fhéidir gur mhaith leat tagairt a dhéanamh do **Threoirlínte Comhairliúcháin** Choimisiún na Meán agus d’aighneacht á cur isteach agat.

# Clár Ábhar

**1. Achoimre** 3

**2. Réamhrá agus cúlra** 4

2.1 Coimisiún na Meán 4

2.2 Cad is Iolrachas na Meán ann? 4

2.3. Cén fáth a bhfuil Beartas um Iolrachas na Meán á fhoilsiú ag an gCoimisiún? 4

**3. Cáipéis** 6

3.1. Beartas um Iolrachas na Meán 6

3.2. Ceisteanna Comhairliúcháin 6

3.3. Conas freagra a thabhairt 7

3.4. Amchlár don fhreagairt 7

3.5. Úsáid eolais 7

3.5.1. Foilsiú aighneachtaí 7

3.5.2. Tuarascáil chomhairliúcháin 8

3.5.3. Sonraí pearsanta 8

3.5.4. Saoráil faisnéise 8

# 1. Achoimre

Is é Coimisiún na Meán ("**An Coimisiún**") an ghníomhaireacht neamhspleách a fhorbraíonn agus a rialaíonn tírdhreach meán atá rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa in Éirinn.

Tá roinnt cumhachtaí, feidhmeanna, agus freagrachtaí ag an gCoimisiún chun seasamh leis an tsaoirse cainte agus iolrachas na meán a chinntiú.

Is coincheap seanbhunaithe é iolrachas na meán i gcreataí um chearta an duine, atá nasctha leis an gceart chun saoirse cainte. Aithnítear meáin shaora agus iolraíocha mar cholúin den daonlathas nua-aimseartha, rud a fhágann gur féidir faisnéis a scaipeadh agus an chumhacht a thabhairt chun cuntais.

Leis an gcreat dlíthiúil faoina bhfeidhmíonn an Coimisiún chun na meáin agus seirbhísí ar líne a rialáil agus chun tacú leo, cuirtear réimse uirlisí ar fáil dó le haghaidh iolrachas na meán, lena n-áirítear:

- an tAcht Craolacháin 2009 arna leasú ("**Acht 2009**"), lena ndéantar foráil maidir leis an gCoimisiún a bhunú agus lena ndeonaítear raon feidhmeanna agus cumhachtaí dó,
- an tAcht Iomaíochta 2002 arna leasú ("**Acht 2002**"), lena gceanglaítear ar an gCoimisiún taighde a dhéanamh i ndáil le hiolrachas na meán agus cumaisc sna meáin a mheasúnú,
- an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc ("**AVMSD**"), lena leagtar amach creat chun seirbhísí meán closamhairc a rialáil,
- an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha ("**GSD**"), chun timpeallacht ar líne atá sábháilte, intuartha, agus ar féidir brath air a chinntiú, agus
- an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán ("**EMFA**"), chun iolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta a choimirciú.

Tá an Beartas um Iolrachas na Meán á fhoilsiú ag an gCoimisiún chun soiléireacht a thabhairt do gach páirtí leasmhar maidir le tuiscint Choimisiún na Meán ar iolrachas na meán, agus conas a threoróidh iolrachas na meán gníomhaíochtaí na heagraíochta.

Ciallaíonn iolrachas na meán **éagsúlacht** in **úinéireacht** na meán, i **seirbhísí** meán, in **ábhar** na meán, agus i **nochtadh** do na meáin.

Fáiltíonn Coimisiún na Meán roimh thuairimí aon duine nó eagraíochta a bhfuil suim acu i dtaobh ábhar an **dréacht-Bheartais um Iolrachas na Meán**. Is féidir leat do thuairimí a chur isteach go ginearálta nó freagra a thabhairt ar na ceisteanna sonracha i roinn 3.2. den doiciméad seo.

Is féidir leat teacht ar eolas faoin gcaoi a n-úsáidimid do shonraí pearsanta i roinn 3.5 den doiciméad seo.

# 2. Réamhrá agus cúlra

## 2.1 Coimisiún na Meán

Is é Coimisiún na Meán an ghníomhaireacht a fhorbraíonn agus a rialaíonn tírdhreach meán atá rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa in Éirinn. Bunaíodh an 15 Márta 2023 é.

Tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a chinntiú:

- Go dtacófar leis na luachanna daonlathacha atá cumhdaithe sa Bhunreacht;
- Go ndéanfar leasanna an phobail a chosaint;
- Go mbeidh na seirbhísí craolacháin agus na seirbhísí meán closamhairc ar éileamh atá ar fáil sa Stát oscailte, ionchuimsitheach agus iolraíoch;
- Go gcuirfear athrú teicneolaíoch agus sochaíoch san áireamh sna socruithe rialála;
- Go gcuirfear cláir ardcháilíochta, éagsúla agus nuálacha ar fáil;
- Go mbeidh éagsúlacht agus trédhearcacht i rialú na meán cumarsáide atá ag feidhmiú sa Stát;
- Go gcuirfear litearthacht sna meáin chun cinn trí thaighde agus oideachas; agus
- Go gcothóidh an timpeallacht rialála iriseoireacht neamhspleách neamhchlaonta.

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise 2025 – 2027 (an "**Straitéis**") ón gCoimisiún an **misean** atá aige tírdhreach meán a rialáil, tacú leis agus é a fhorbairt ar bhealach lena gcothaítear sochaí dhaonlathach agus iolraíoch. Tá iolrachas na meán lárnach chun na **torthaí straitéiseacha** a thugtar breac-chuntas orthu sa Straitéis a bhaint amach, lena n-áirítear:

- raon leathan tuairimí a chur in iúl go dleathach, agus a chur ar chumas daoine ina n-éagsúlacht a dtuairimí dleathacha a chur in iúl, agus a bheith ina ndaoine aonair barántúla i ngach cineál meán;
- earnáil meán in Éirinn atá inrochtana, cuimsitheach, éagsúil agus ionadaíoch ar Éirinn chomhaimseartha;
- éagsúlacht úinéireacht na meán agus iolracht na mbealaí léiriúcháin, dáileacháin agus seachadta;
- léiriú ábhair ag eagraíochtaí meán seirbhíse poiblí a bhfuil meas air agus a úsáidtear; agus
- daoine a lorgaíonn, a shainaithníonn agus a úsáideann ábhar ó fhoinsí iontaofa faisnéise.

## 2.2 Cad is Iolrachas na Meán ann?

San Eoraip, leagtar amach le hAirteagal 11 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("**CFREU**") an ceart chun saoirse cainte, lena n-áirítear an tsaoirse tuairimí a bheith ag duine agus faisnéis agus smaointe a fháil agus a thabhairt, gan cur isteach agus gan beann ar theorainneacha. Foráiltear le hAirteagal 11 freisin go n-urramófar saoirse agus iolrachas na meán.

In Éirinn, leagtar amach le hAcht 2002 go gciallaíonn "iolracht na meán" "éagsúlacht úinéireachta agus ábhair". Sa Bheartas um Iolrachas na Meáin atá beartaithe aige, deir an Coimisiún go measann sé go bhfuil iolrachas na meán comhdhéanta d'éagsúlacht úinéireachta, seirbhísí, ábhair agus nochta.

## 2.3. Cén fáth a bhfuil Beartas um Iolrachas na Meán á fhoilsiú ag an gCoimisiún?

D'fhoilsigh Údarás Craolacháin na hÉireann ("**BAI**"), an eagraíocht a bhí ann díreach roimh an gCoimisiún, a Bheartas um Iolracht sna Meáin in 2019. Tá forbairt leanúnach ag teacht ar thírdhreach na meán ó foilsíodh é, agus tá roinnt forbairtí ag tarlú i meáin na hÉireann agus na hEorpa agus i dtírdhreacha rialála, lena n-áirítear:

- Achtú an Achta um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022, lena leasaítear an tAcht Craolacháin 2009, agus lena mbunaítear Coimisiún na Meán;
- Teacht i bhfeidhm an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha in 2022;
- Foilsiú na tuarascála críochnaithí ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán in 2022, agus Straitéis Cur Chun Feidhme agus Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán in 2023;
- Teacht i bhfeidhm an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán in 2023;
- Foilsiú Ráiteas Straitéise 2025 – 2027 ón gCoimisiún; agus
- Forbairtí breise i sciartha de mhargadh na meán, sciartha lucht féachana, tomhaltas nuachta agus nósanna eile lucht féachana agus úsáideora, iompraíochtaí faisnéise, cinnteoireacht eagarthóireachta, táirgeadh agus scaipeadh ábhair, agus tacaíochtaí don iriseoireacht.

I bhfianaise na timpeallachta atá ag athrú ar scála agus ar luas chomh mór sin, tá athmhachnamh déanta ag an gCoimisiún ar a bhfuil i gceist le hiolrachas na meán i dtéarmaí daingne, agus is é is aidhm dá Bheartas um Iolrachas na Meán:

- Sainmhíniú a leagan amach ar iolrachas na meán a léiríonn tírdhreach reatha na meán agus na rialála;
- Aidhmeanna agus cuspóirí a chur chun cinn maidir le hiolrachas na meán a chosaint agus a chur chun cinn in Éirinn;
- Gach páirtí leasmhar a chur ar an eolas go cruinn faoin ról atá ag an gCoimisiún faoi láthair agus a bheidh aige amach anseo maidir le hiolrachas na meán in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn; agus
- Feidhmiú mar chreat aontaithe don Choimisiún chun a thuiscint ar iolrachas na meán a chur in iúl agus a ghníomhaíochtaí a bhaineann le hiolrachas na meán a mhúnlú.

Mar chuid den phróiseas chun an Beartas atá beartaithe a fhorbairt, rinneamar machnamh ar ár bhfeidhmeanna agus ár gcumhachtaí laistigh de thírdhreach meán atá ag athrú, chuamar i gcomhairle le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, agus chuireamar athbhreithniú i gcrích ar reachtaíocht, beartas agus foinsí fianaise ábhartha eile chun téamaí agus saincheisteanna in iolrachas na meán a shainaithint. Ba mhaith linn dul i gcomhairle leis an bpobal anois chun bhur dtuairimí a bhailiú.

# 3. Cáipéis

B'fhéidir gur mhaith leat tagairt a dhéanamh do **Threoirlínte Comhairliúcháin** Choimisiún na Meán agus d'aighneacht á cur isteach agat.

## 3.1. Beartas um Iolrachas na Meán

Tá téacs an Bheartais bheartaithe um Iolrachas na Meán ar fáil anseo: **Beartas um Iolrachas na Meán**.

An Beartas:

- Ról an Choimisiúin a leagan amach;
- Sainmhíniú a thabhairt ar iolrachas na meán;
- Cur síos a dhéanamh ar ról agus ar chuspóir an Bheartais, agus ar an gcaoi a n-úsáidfear an Beartas;
- Cur síos a dhéanamh ar a thábhachtaí atá iolrachas na meán, agus ar na rioscaí agus na dúshláin atá roimh iolrachas na meán;
- Fís agus cuspóirí a leagan síos don Choimisiún maidir le tacú le hiolrachas na meán a chruthú agus é a chosaint; agus
- Réimsí agus táscairí toraidh a bhunú, rud a chuireann bonn leis an gCoimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar a thionchar agus chun iolrachas na meán a thomhas.

Faoi réir an phróisis comhairliúcháin phoiblí, forbróidh an Coimisiún pleananna chun an Beartas a chur chun feidhme ar mhaithe le hiolrachas na meán agus tionchar ghníomhaíocht an Choimisiúin ar iolrachas a thomhas.

## 3.2. Ceisteanna Comhairliúcháin

Féadfaidh tú do thuairimí ar théacs an Bheartais a chur isteach i dtéarmaí ginearálta, nó freagra a thabhairt ar na ceisteanna sonracha thíos. Ní gá duit freagra a thabhairt ar gach ceann ná aon cheann de na ceisteanna a dtugtar breac-chuntas orthu.

**C1:** An bhfuil aon tuairim agat faoi **ról Choimisiún na Meán** maidir le tacú le hiolrachas na meán agus é a chosaint, go ginearálta nó faoi threoir na tuairisce sa dréacht-Bheartas? An bhfuil codanna ar leith de ról Choimisiún na Meán atá níos tábhachtaí ná a chéile?

**C2:** An bhfuil aon tuairimí agat maidir leis an **sainmhíniú ar iolrachas na meán** a chuirtear ar fáil sa dréacht-Bheartas? An bhfuil gnéithe eile ann a bhaineann le sainmhíniú ar iolrachas na meán ar cheart do Choimisiún na Meán iad a chur san áireamh?

**C3:** An bhfuil aon tuairim agat maidir leis an **tábhacht a bhaineann le hiolrachas sna meáin** mar a thuairiscítear sa dréacht-Bheartas?

**C4:** An bhfuil aon tuairim agat maidir leis na **rioscaí agus na dúshláin a bhaineann le hiolrachas na meán** a dtugtar breac-chuntas orthu sa dréacht-Bheartas? An leagtar amach go leordhóthanach iad? An bhfuil rioscaí agus dúshláin eile ann ar cheart do Choimisiún na Meán iad a chur san áireamh?

**C5:** An bhfuil aon tuairim agat maidir leis an **bhfís** agus na **cuspóirí** atá leagtha amach sa dréacht-Bheartas?

**C6:** An bhfuil aon tuairim agat maidir leis na **réimsí toraidh** a dtugtar breac-chuntas orthu sa dréacht-Bheartas? An bhfuil réimsí eile ann ar cheart go mbeadh sé mar aidhm ag Coimisiún na Meán tionchar a imirt orthu?

**C7:** An bhfuil aon tuairim agat maidir leis na **táscairí** a dtugtar breac-chuntas orthu sa dréacht-Bheartas? An leagtar amach go leordhóthanach iad? An bhfuil táscairí eile agus/nó foinsí eile sonraí agus faisnéise ann ba cheart do Choimisiún na Meán a chur san áireamh?

**C8:** An bhfuil aon tuairim agat faoin gcaoi ar cheart do Choimisiún na Meán an dréacht-Bheartas a **chur chun feidhme**?

## 3.3. Conas freagra a thabhairt

Is féidir leat freagra a thabhairt ar an gcomhairliúchán seo:

- Ar **ríomhphost**, chuig consultation@cnam.ie; nó
- Tríd an **bpost**, chuig:
  Coimisiún na Meán
  1 Foirgnimh Shíol Bhroin,
  Bóthar Shíol Bhroin
  Baile Átha Cliath 4, D04 NP20, Éire

Má theastaíonn aon chúnamh uait chun freagra a thabhairt, déan teagmháil le Coimisiún na Meán:

- Ar **ríomhphost**, chuig consultation@cnam.ie;
- Ar an **nguthán**, ag **01 644 1200**; nó
- Tríd an **bpost**, chuig:
  Coimisiún na Meán
  1 Foirgnimh Shíol Bhroin,
  Bóthar Shíol Bhroin
  Baile Átha Cliath 4, D04 NP20, Éire

**De ghnáth déanfaidh Coimisiún na Meán iarratais scríofa amháin a mheas agus ní thabharfaidh sé deis do fhreagróirí aighneachtaí a chur isteach i bhformáidí eile.**

## 3.4. Amchlár don fhreagairt

Tiocfaidh deireadh leis an tréimhse chomhairliúcháin ar **17:00 Dé hAoine**, **24 Deireadh Fómhair 2025.**

## 3.5. Úsáid eolais

### 3.5.1. Foilsiú aighneachtaí

Is é polasaí Choimisiún na Meán gach aighneacht ar chomhairliúcháin phoiblí a fhoilsiú.

Ba cheart iarratais a chur ar fáil mar cháipéisí neamhrúnda, agus aon fhaisnéis a n-éilítear rúndacht ina leith (e.g. faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de) á cur ar fáil in iarscríbhinn faoi leith.

De rogha air sin, féadfar leagan folaithe, neamhrúnda a chur isteach in éineacht leis an leagan rúnda. Ní fhoilseofar aon cháipéisí a mharcáiltear rúnda sa bhealach seo.

Mar sin féin, ní bheidh Coimisiún na Meán faoi dhliteanas aon cháipéis a nochtar ina dhiaidh sin de bhun iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 nó eile de réir dlí.

### 3.5.2. Tuarascáil chomhairliúcháin

Cuirfidh Coimisiún na Meán san áireamh gach aighneacht a dhéantar. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil an próiseas coibhéiseach le cleachtadh vótála ar thograí agus bainfidh Coimisiún na Meán feidhm as a bhreithiúnas tar éis na haighneachtaí a dhéantar a bhreithniú. Ceapfaidh Coimisiún na Meán a thuairimí féin go neamhspleách ar thuairimí aon chomhairlithe faoi leith.

Foilseoidh Coimisiún na Meán tuarascáil chomhairliúcháin tar éis gach próiseas comhairliúcháin. Aithnítear go bhféadfaidh réimse leathan geallsealbhóirí a bheith ann mar le haon saincheist faoi leith. Leagfaidh Coimisiún na Meán amach na príomh-shaincheisteanna a eascraíonn ó na príomhphointí a tugadh ar bord, chomh maith leis na príomhphointí nárbh fhéidir a thabhairt ar bord ar chúiseanna praiticiúla, dlíthiúla nó polasaí. Féadfaidh Coimisiún na Meán a shocrú glacadh leis an mbeart ar a bhfuiltear a dhéanamh comhairliúcháin, le leasú nó gan.

### 3.5.3. Sonraí pearsanta

Comhlíonfaidh Coimisiún na Meán a chuid oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (“RGCS”), faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoi aon dlíthe agus rialacháin eile is infheidhme maidir le príobháideachas sonraí. Tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus tá sé tiomanta do gach faisnéis phearsanta a chuirtear isteach a chosaint. Ceapadh Oifigeach Cosanta Sonraí atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí i gCoimisiún na Meán. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi a bpróiseálann Coimisiún na Meán faisnéis phearsanta inár mbeartas foilsithe.

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, ainm an fhreagróra ar an gcomhairliúchán agus an freagra a tugadh, cuirfear ar fáil go poiblí iad. Mar sin féin, ní chuirfidh Coimisiún na Meán do shonraí teagmhála ar fáil go poiblí, amhail do sheoladh, d’uimhir theileafóin nó do ríomhphost. Ní úsáidfear an fhaisnéis a bhaileofar ach amháin chun críocha an phróisis comhairliúcháin seo agus i gcás ina gceadaítear sin go dleathach.

### 3.5.4. Saoráil faisnéise

Tá faisnéis atá i seilbh Choimisiún na Meán faoi réir a oibleagáidí faoin dlí, lena n-áirítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Rachaimid i gcomhairle leat maidir le faisnéis a mharcálann tú mar fhaisnéis rúnda sula ndéanfaimid cinneadh maidir le haon iarraidh a dhéantar faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.